# Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh

Is comhaontas idirnáisiúnta é Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh a liostaíonn na cearta ba chóir a bheith ar fáil do gach leanbh agus duine óg suas go 18 mbliana d'aois. Tá tiomantas tugtha ag beagnach gach tír ar domhan, Éire san áireamh, oibriú i dtreo na cearta seo a bhaint amach do gach aon leanbh agus duine óg.

An ceart bheith cosanta ó chogaí

An ceart go ndéileálfaí go cothrom agus go cóir leat

An ceart caighdeán imleor maireachtála bheith agat (tithíocht, éadaí etc.)

An ceart go mbeadh teacht agat ar eolas agus an ceart bheith cosanta ó eolas díobhálach

An ceart go mbeadh teacht agat ar bhia folláin

An ceart chun scíthe agus áineasa

An ceart go gcuirfeadh daoine a bheadh ag déanamh cinntí mar gheall ort barr do leasa san áireamh

An ceart ainm a bheith agat

An ceart do chultúr, creideamh agus teanga féin a chleachtadh

An ceart chun beatha agus forbartha

An ceart chun príobháide-achta

An ceart cúram sláinte a fháil

An ceart tú féin a chur in iúl go héasca

An ceart náisiúntacht a bheith agat

An ceart go ndéileálfaí go cothrom leat sa chóras ceartais

An ceart bheith le do theaghlach nó leo siúd is fearr le haire a thabhairt duit

An ceart chun oideachais

An ceart bheith cosanta ó obair a dhéanfadh díobháil duit nó dúshaothrú ort

An ceart do chuid ceart agus freagrachtaí a thuiscint

An ceart uisce glan a bheith agat

An ceart do chuid dearcthaí a chur in iúl nuair atá cinntí á ndéanamh a bhfuil tionchar acu ort

An ceart bheith slán ó dhíobháil agus faillí

Is í Emily Logan an tOmbudsman do Leanaí. Ról Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) ná monatóireacht agus cur chun cinn a dhéanamh ar chearta agus leas leanaí agus daoine óga suas go 18 mbliana d'aois atá ina gcónaí in Éirinn. Chun tuilleadh a fháil amach faoi obair an OCO, téigh chuig **www.oco.ie.**

ombudsman
do leanaí & do dhaoine óga